ESB NETWORKS

# CUIR EOLAS AR DO MHÉADAR CLISTE NUA



# MÉADAR AR MHÉADAR, TÁIMID AG ULLMHÚ DO CHEANTAIR DON SAOL AR BHEAG-ASTÚ CARBÓIN .

Is mian linn buíochas a ghabháil leat as ucht comhoibriú linn agus do mhéadar cliste nua á fheistiú againn. Tá do mhéadar nua i mbun oibre anois ag coinneáil taifead ar an méid leictreachais a úsáideann tú.

Ní gá duit aon ní eile a dhéanamh.

## Céard is méadar cliste ann?

Méadar leictreachais den chéad ghlúin eile is ea an méadar cliste. Úsáideann sé teicneolaíocht dhigiteach agus an líonra fón móibíleach 2G le heolas cruinn a thabhairt duit maidir leis an bhfuinneamh a úsáideann tú.

## Cén fáth a bhfuair mé méadar nua?

Mar chuid den Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide, tá ESB Networks chun 2.4 milliún méadar den chéad ghlúin eile a fheistiú i dtithe, feirmeacha agus gnóthais ar fud na hÉireann. Beidh cuid mhór buntáistí ag baint leis an teicneolaíocht nua seo don chustaiméir, don chomhshaol agus don gheilleagar araon.

## Céard eile?

**Go ceann píosa eile, leanfaidh ESB Networks air ag léamh do mhéadair de láimh.** Bhreac an teicneoir síos an léamh deireanach ar do shean-mhéadar agus an léamh tosaigh (an chéad léamh) ar do mhéadar nua, agus seolfar an dá léamh sin chuig do sholáthraí. Ón mbliain 2021 ar aghaidh, tosófar ag léamh do mhéadair chliste go huathoibríoch, rud a fhágann go mbeidh ré an bhille mheasta nach mór thart.

## Cén chaoi ar féidir liom mo mhéadar a léamh?

Ar scáileán taispeána digiteach do mhéadair chliste nua taispeántar do léamh méadair reatha

i gCileavatuaireanta (kWh). Leis an méadar nua a léamh, breac síos na figiúirí a thagann roimh “kWh” ar an scáileán, ó chlé go deas, agus ná fág amach aon uimhreacha.



# Ceisteanna coitianta

## Cé na buntáistí a bhaineann leis an méadar cliste?

Amach anseo, tosóidh an méadar cliste ag tabhairt eolas níos fearr duit faoin méid fuinnimh a úsáideann tú, rud a chuirfidh ar do chumas do lorg carbóin a laghdú. Beidh ré an bhille mheasta nach mór thart dá bharr sin freisin.

Ina theannta sin, tacóidh na méadair chliste leis an aistriú chuig líonra leictreachais ar bheag-astú carbóin, forbairt eangacha cliste, leictriú córas téimh agus iompair, mar aon le giniúint in-athnuaite áitiúil, agus micreaghiniúint.

Ón mbliain 2021 ar aghaidh, tosóidh comhlachtaí soláthair leictreachais ag cur táirgí agus seirbhísí nua ar fáil a ligfidh duit níos mó leictreachais a úsáid ag na hamanna a mbíonn sé níos saoire.

## An gá dom íoc as mo mhéadar nua?

Ní ghearrfar aon táille bhreise ort as uasghrádú do mhéadair. Amhail cláir eile uasghrádaithe méadar, tá an costas san áireamh sna táillí a íocann tú cheana féin as an líonra leictreachais a úsáid.

## Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil maidir leis an méadar cliste, féach ár láithreán gréasáin **esbnetworks.ie/smartmeter**





## Sonraí teagmhála ESB Networks

Líne Theileafóin maidir leis an Méadar Cliste
1800 928 123 / 01 698 5005

Líne Éigeandála 24 Uair an Chloig ESB Networks:
1850 372 999

R-phost: esbnetworks@esb.ie

Gréasán: esbnetworks.ie/smartmeter

Ref: 9809899/V2